GCSE

Rewarding Learning

TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ
GCSE CCEA

Stair

Aonad 1 Roinn B Rogha 2:
Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–98

Paca Acmhainní:
Comhaontú Aoine an Chéasta, 1998



Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

Rogha 2: Caidrimh atá ag athrú – Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana 1965 – 98

Réamhrá don Phaca Acmhainní

Forbraíodh an paca seo le tacú le teagasc agus foghlaim 'Caidrimh atá ag Athrú – Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965 – 98' agus, go háirithe, ábhar atá sa rogha seo den chéad uair – 'Comhaontú Aoine an Chéasta, 1998.' Is é inneachar na sonraíochta don ábhar seo:

Comhaontú Aoine an Chéasta, 1998	**Eochairthéarmaí agus eochairfhreagairtí ar an Chomhaontú, lena n-áirítear an reifreann; tábhacht an Chomhaontaithe do chaidrimh idir an Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann**

Tá roinn '*treoir do mhúinteoirí*' ann do gach gníomhaíocht, le cois '*treoracha do dhaltaí*'. Cuirtear roinnt faisnéise cúlra gairide ar fáil do gach gníomhaíocht fosta. Cuireann gach gníomhaíocht deiseanna ar fáil riachtanais reachtúla scileanna Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 4 a fhorbairt le cois na scileanna a mbeifear ag súil go léireoidh daltaí sa scrúdú don rogha seo:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar eochairghnéithe agus ar eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi (CM1);

- imeachtaí stairiúla agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord, lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, tábhacht, cosúlacht agus éagsúlacht (CM2); agus

- anailís a dheanamh ar fhoinsí (i gcomhaimsir leis an tréimhse), iad a mheas agus úsáid a bhaint astu le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt, i gcomhthéacs imeachtaí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu (CM3).

Cúlra an ábhair

Síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta ar 10 Aibreán 1998. Bhí deireadh le coimhlint 30 bliain i dTuaisceart Éireann mar gheall air. Ag tús na bliana 1998, níor chosúil go mbeadh comhaontú síochána ann, ainneoin go raibh dul chun cinn déanta i dtreo cainteanna polaitiúla ó eisíodh Dearbhú Shráid Downing sa bhliain 1993 agus cuireadh na sosanna comhraic paramíleata i bhfeidhm sa bhliain 1994. Chinn Iar-Sheanadóir SAM, George Mitchell, a bhí ceaptha mar cheannaire an choiste idirnáisiúnta ar leagadh orthu síocháin a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, chinn sé anois gur chóir spriocam docht a leagan síos le brú a chur ar gach taobh teacht ar shocrú. Leag sé síos uair an mheán oíche, Déardaoin 9 Aibreán, 1998 mar spriocam agus chuir sé i bhfeidhm ar na rannpháirtithe uilig aontú leis seo. I ndiaidh cainteanna fuadracha le linn na seachtaine deireanaí d'idirbheartaíocht in Aibreán 1998, a raibh páirt díreach ag Príomh-Aire na Breataine, Tony Blair, agus ag an Taoiseach, Bertie Ahern iontu, thángthas ar chomhaontú i ndeireadh na dála.

Ar Aoine an Chéasta, 10 Aibreán 1998, dúirt George Mitchell, "Tá lúcháir orm a fhógairt go bhfuil an dá rialtas agus na páirtithe polaitíochta i dTuaisceart Éireann i ndiaidh teacht ar chomhaontú."
Cuireadh cóip de Chomhaontú Bhéal Feirste (nó Comhaontú Aoine an Chéasta, mar a thabharfaí air) sa phost chuig gach teaghlach i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann agus ansin, reáchtáladh reifreann fá dtaobh de i Mí na Bealtaine. Ba é toradh an reifrinn go raibh tromlach 71.1% i bhfách leis i dTuaisceart Éireann agus 94.4% i bhfách leis i bPoblacht na hÉireann. Faoi dheireadh na bliana 1998, bhí tionól úr tofa ag muintir Thuaisceart Éireann a shuífeadh i bhFoirgnimh na Parlaiminte in Stormont.

Gníomhaíocht a hAon

Teideal: Príomhthéarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta

Príomhcheist: Cad iad príomhthéarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta agus cad é mar a d'fhreagair daoine i dTuaisceart Éireann dóibh siúd?

Treoracha do Dhaltaí

*Tabharfaidh do mhúinteoir achoimre ghairid duit ar an dóigh ar tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta in Aibreán 1998.

*Tabharfar cóip de phríomhthéarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta duit. Cuirfidh do mhúinteoir isteach i ngrúpa amháin de dhá ghrúpa thú:
a) Aontachtaithe/Dílseoirí; b) Náisiúnaithe/Poblachtaigh.

*Iarrfar ort na téarmaí atá inghlactha ag do ghrúpa a phlé agus iad siúd ar deacair glacadh leo sa bhliain 1998, agus mínigh cad chuige.

*Tabharfaidh tú aischothú ar na freagairtí don chuid eile den rang agus éistfidh tú le haischothú an ghrúpa eile agus sibh ag breacadh síos nótaí ar thábla breactha nótaí a thabharfaidh do mhúinteoir duit.

*Ainmneoidh sibh ball amháin de do ghrúpa mar urlabhraí le bhur dtuairimí a chur i láthair. Cuirfidh an grúpa eile ceastóireacht ar an duine seo faoina ndearcadh i leith Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998 mar chuid de ghníomhaíocht diancheistithe. Déanfaidh an grúpa eile mar an gcéanna agus cuirfidh an grúpa seo agat a macasamhail chéanna de cheisteanna ar a n-urlabhraí lena bhfreagairtí ar Chomhaontú Aoine an Chéasta a fhionnadh.

Treoir do Mhúinteoirí

*Tabhair achoimre/forléargas ghairid do na daltaí ar an dóigh ar tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta in Aibreán 1998.

*Tabhair téarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta do na daltaí. Roinn an rang ina dhá ghrúpa – Aontachtaithe/Dílseoirí agus Náisiúnaithe/Poblachtaigh.

*Iarr ar dhaltaí na téarmaí a phlé ó dhearcadh a ngrúpa sa bhliain 1998, ag míniú na téarmaí atá inghlactha acu agus iad siúd ar deacair leo glacadh leo.

*Aischothú grúpa. Comhlánaíonn daltaí tábla breactha nótaí suimitheach le linn an chleachtaidh seo.

*Abair le gach grúpa ball amháin dá ngrúpa a ainmniú le dul faoi cheastóireacht an ghrúpa atá ina gcoinne ar a bhfreagairt ar théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta mar chuid de dhiancheistiú ranga uile.

*Iarr ar dhaltaí an cleachtadh bunaithe ar fhoinsí don ábhar seo a chur i gcrích.

Faisnéis Chúlra: Ó Shosanna Comhraic go Comhaontú Aoine an Chéasta

SOSANNA COMHRAIC 1994

FEABHRA 1995
COMHCHÁIPÉIS CREATA

Comhaontú dréachtaithe ag rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann. Shocraigh siad clár oibre do chainteanna. Mhol siad Tionól nua Thuaisceart Éireann agus Comhairle Airí Thuaidh-Theas.

MEÁN FÓMHAIR 1995

Déantar ceannaire an Pháirtí Aontachtach Uladh (*UUP*) de David Trimble agus fógraíonn sé a thacaíocht do phróiseas na síochána.

EANÁIR 1996

D'eisigh an Seanadóir George Mitchell **'PRIONSABAIL MITCHELL',** inar tugadh breac-chuntas ar phleananna i leith airm pharaimíleata a dhíchoimisiúnú. D'aontaigh Sinn Féin leis seo ach níor aontaigh Óglaigh na hÉireann (*IRA*) leis san am.

MEITHEAMH 1996

Toghcháin d'Fhóram Thuaisceart Éireann, a scrúdódh saincheisteanna a bhain le cainteanna a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann. Leanadh den fhoréigean, m.sh. buamáil de chuid Óglaigh na hÉireann (IRA) i gCeantar na nDugaí agus agóidí Dhroim Crí.

BEALTAINE/MEITHEAMH 1997

Déantar Príomh-Aire de chuid Lucht Oibre de **Tony Blair** sa Bhreatain.
Ceapann sé **Mo Mowlam** mar Rúnaí Thuaisceart Éireann. Bíonn meas ag náisiúnaithe agus ag aontachtaithe araon uirthi de thairbhe a scileanna idirbheartaíochta.
Déantar Taoiseach de **Bhertie Ahern** i Mí Mheithimh.

IÚIL – MEÁN FÓMHAIR 1997

Bíonn sos comhraic úr ag Óglaigh na hÉireann. Tarraingíonn an *DUP* as cainteanna, comh maith le *UKUP*.
Ach fanann Trimble tiomanta do chainteanna, ainneoin cuid mhór naimhdis aontachtaigh.

SAMHAIN 1997

Scoilteann Poblachtánaigh mar gheall ar phróiseas na síochána.
Bunaítear Óglaigh na hÉireann Leanúnachais agus FíorÓglaigh na hÉireann, ach go luath sa bhliain 1998, tá an chuma air gur léir go bhfuil tromlach na bpríosúnach paraimíleata sásta deireadh a chur leis an choimhlint.

FEABHRA 1998

Bagraíonn príosúnaigh dílseacha tarraingt amach as próiseas na síochána. Cuireann Mo Mowlam i bhfeidhm orthu gan a dhéanamh.

ANOIS LEAGANN MITCHELL SÍOS 9 AIBREÁN 1998 MAR SPRIOCAM DO CHAINTEANNA AGUS CHOMHAONTÚ

Príomhthéarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998

- *Bhunófaí Tionól úr do Thuaisceart Éireann. Bheadh 108 ball ann agus chaithfeadh cinntí ar bith dá ndéanfadh sé aontú (nó comhthoil) an dá phobail i dTuaisceart Éireann a fháil.*
- *Chuirfeadh rialtas Phoblacht na hÉireann deireadh le hAlt 2 agus le hAlt 3 dá bhunreacht, a d'éiligh úinéireacht Thuaisceart Éireann.*
- *Bhunófaí Comhairle Comhaltaí Thuaidh-Theas. Thiocfadh na comhaltaí ó Thionól nua Thuaisceart Éireann agus airí ón Phoblacht.*
- *Dhéanfaí athbhreithniú ar phóilíneacht i dTuaisceart Éireann.*
- *Aontaíodh ar shaoradh luath príosúnach paraimíleata.*

Tasc

Oibrígí i gceithre ghrúpa: Aontachtaithe, Dílseoirí, Náisiúnaithe agus Poblachtaigh.

Socraíonn gach grúpa ar théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta a d'aontódh a ngrúpa leo agus orthu siúd a mbeadh obair acu glacadh leo.

Ba chóir ball den ghrúpa a ainmniú le nótaí achomaire a dhéanamh – is féidir úsáid a bhaint as an tábla breactha nótaí le cuidiú struchtúr a chur ar an phlé grúpa agus ar thaifeadadh eolais agus aischothú don chuid eile den rang.

Tábla breactha nótaí

Cuir tic sna boscaí ábhartha thíos agus tabhair míniú scríofa i ngach cás:

Téarma an Chomhaontaithe	Inghlactha ag Aontachtaithe? Cad chuige?	Deacair d'Aontachtaithe? Cad chuige?	Inghlactha ag Dílseoirí? Cad chuige?	Deacair do Dhílseoirí? Cad chuige?	Inghlactha ag Náisiúnaithe? Cad chuige?	Deacair do Náisiúnaithe? Cad chuige?	Inghlactha ag Poblachtaigh? Cad chuige?	Deacair ag Poblachtaigh? Cad chuige?
Tionól nua								
Comhairle Comhaltaí Thuaidh-Theas								
Deireadh le hAlt 2 agus le hAlt 3 i mBunreacht Phoblacht na hÉireann								
Athbhreithniú ar phóilíneacht i dTuaisceart Éireann								
Saoradh luath na bpríosúnach paramíleata								

Gníomhaíocht Suíochán Te

Ainmnigh urlabhraí do do ghrúpa le ceisteanna a fhreagairt ó bhaill de na grúpaí eile ar fhreagairtí do ghrúpa ar théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta. Déan arís agus arís eile go dtí gur diancheistíodh ionadaithe ó na ceithre ghrúpa.

Tasc: Ceisteanna bunaithe ar fhoinsí

Freagairtí ar Théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta

Dúradh an méid seo a leanas in Ailt 2 agus 3 de Bhunreacht an tSaorstáit 1937:

AIRTEAGAL 2:
"Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreachta aige nó aici, a bheith páirteach i náisiún na hÉireann".

AIRTEAGAL 3:
Ta sé sonraithe ag rialtas na hÉireann go bhfuil an ceart aige "dlínse a bheith aige ar iomlán an limistéir sin".

Cad chuige a mbeadh sé tábhachtach ag grúpaí áirithe i dTuaisceart Éireann go gcealódh Poblacht na hÉireann na hAilt seo mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta. Mínigh cad iad na grúpaí agus cad chuige i do fhreagairt.

_____

_____

_____

_____

Ceist bunaithe ar fhoinsí

Foinse A: Iarghníomhaí in Óglaigh na hÉireann, Gabriel Megahey, ar cuireadh agallamh air ar Theilifís BBC sa bhliain 1998.

"Tá mé sásta, mar Phoblachtach, socrú a dhéanamh. Is é mo dhóchas go n-athaontófar an tír seo, ach i ndeireadh na dála, caithfidh mé glacadh leis nach dtarlóidh sé. Níl na Briotanaigh ag dul a sheoladh leo go luí na gréine. Filleadh ar an chogaíocht? Cad é atá muid ag dul a dhéanamh? Ní bheadh ann ach tuilleadh cruatain dá bharr, tuilleadh fulaingthe dár muintir féin agus dúinn féin den chuid is mó."

'The Struggle for Peace in Northern Ireland' le Ben Walsh, John Murray Publishers Ltd., 2000

Ag baint úsáid as Foinse A agus as d'eolas chomhthéacsúil féin, tabhair dhá fháth a míníonn cad chuige a raibh Poblachtaigh sásta glacadh le téarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta sa bhliain 1998.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ (4 mharc)

Gníomhaíocht a Dó

Teideal: Reifreann Chomhaontú Aoine an Chéasta, Bealtaine 1998

Príomhcheisteanna: Cad chuige a raibh reifreann ann? Cad é an toradh a bhí ar an reifreann?

Treoracha do Dhaltaí

*Tabharfaidh do mhúinteoir achoimre ghairid duit ar chomhthéacs reifreann Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998, ag lua na páirtithe a bhí i bhfách le vótáil TÁ agus na páirtithe nach raibh.

*Roinnfidh do mhúinteoir an rang ina dhá ghrúpa: déanfaidh grúpa amháin ionadaíocht don taobh NÍL sa reifreann agus déanfaidh an grúpa eile ionadaíocht don taobh TÁ.

*Cuirfidh gach grúpa bileog feachtais ar fáil do thaobh seo acu sa tréimhse roimh an reifreann.

*Ansin, inseoidh do mhúinteoir toradh an reifrinn duit. Anois, roinnfear an rang i roinnt grúpaí. Caithfidh gach grúpa script a scríobh do chlár raidió 10 nóiméad faoi thorthaí agus impleachtaí reifreann 1998 i dTuaisceart Éireann.

*Is féidir go n-iarrfar ort do chlár a thaifeadadh agus é a sheinm don chuid eile den rang.

*Ansin, freagróidh tú roinnt ceisteanna bunaithe ar fhoinsí faoin ábhar seo.

Treoir do Mhúinteoirí

*Tabhair forléargas do dhaltaí ar chomhthéacs an reifrinn in 1998.

*Roinn an rang ina dhá ghrúpa – taobh NÍL agus taobh TÁ i bhfeachtas an reifrinn.

*Iarr ar gach grúpa bileog feachtais a phleanáil, a dhearadh agus a chur ar fáil do thaobh s'acusan.

*Inis toradh an reifrinn do na daltaí. Roinn an rang i roinnt grúpaí. Iarr ar gach grúpa script a ullmhú do chlár raidió 10 nóiméad ar thorthaí agus impleachtaí reifreann 1998 i dTuaisceart Éireann. B'fhéidir go n-iarrfaí ar dhaltaí a gclár a thaifeadadh agus a chur i láthair na codach eile den rang.

*Iarr ar dhaltaí na ceisteanna bunaithe ar fhoinsí a fhreagairt.

Gníomhaíocht a Dó

Eolas cúlra – An Reifreann

Ní raibh i gComhaontú Aoine an Chéasta ach tús próisis fhada go síocháin i ndeireadh báire.

Ar dtús, b'éigean REIFREANN a reáchtáil ar 22 Bealtaine 1998, nuair a fiafraíodh de mhuintir Thuaisceart Éireann agus de mhuintir Phoblacht na hÉireann ar ghlac siad le téarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta. Léireodh an toradh má bhí muintir na Éireann, ina hiomláine, ag iarraidh go mbogfadh próiseas na síochána chun tosaigh ar bhonn Chomhaontú Aoine an Chéasta. D'aontaigh gach taobh go raibh tromlach suntasach riachtanach má bhí an socrú le maireachtáil.





I nóiméad iomráiteach ag ceolchoirm rac do 2,000 dalta sa tSéú Bliain sa Waterfront Hall i mBéal Feirste ar 19 Bealtaine 1998, (trí lá roimh an reifreann), chuir príomhamhránaí U2,Bono, ina luí ar David Trimble ón *UUP* agus ar John Hume ón SDLP dul ar an ardán leis; chuaigh an triúr fear uillinn ar uillinn agus an scaifte ag bualadh bos go callánach.

Dúirt Bono gur reáchtáladh an cheolchoirm le cur i bhfeidhm ar dhaoine, "a bhfuil fíorimní orthu faoin chomhaontú pholaitiúil" vótáil ar son Chomhaontú an Chéasta agus mhol sé Trimble agus Hume araon, "a chuir cuid mhór i leataobh le seo a chur i gcrích."

Cháin an *DUP* agus *UKUP* an cheolchoirm mar bheart bolscaireachta agus dúirt nach rachadh sé i bhfeidhm ar dhaoine vótáil TÁ.

Tasc

Taighde a dhéanamh ar na hargóintí ar son agus i gcoinne Chomhaontú Aoine an Chéasta sa reifreann i Mí na Bealtaine 1998.

Ba chóir don rang roinnt ina dhá chuid. Ba chóir do ghrúpa amháin ionadaíocht a dhéanamh do thaobh NÍL, agus an grúpa eile do thaobh TÁ.

Anois, caithfidh gach grúpa bileog feachtais a phleanáil agus a dhéanamh a chuirfear isteach ar dhoirse sa phost sa tréimhse roimh reifreann 1998. Caithfidh gach grúpa breac-chuntas soiléir a thabhairt ina mbileog ar an fháth ar chóir do mhuintir Thuaisceart Éireann vótáil do thaobh ar leith sa reifreann.

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as TFC le do bhileog a tháirgeadh.

REIFREANN CHOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA

22 BEALTAINE 1998

VÓTÁIL NÍL!

REIFREANN CHOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA

22 BEALTAINE 1998

VÓTÁIL TÁ!

PÁIPÉAR BALLÓIDE

REIFREANN CHOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA 1998

An bhfuil tú ag tacú leis an chomhaontú a dtángthas air ag na cainteanna ilpháirtí ar Thuaisceart Éireann agus atá leagtha amach i bPáipéar Ceannais 3883?

TÁ?

NÍL?

Torthaí an Reifrinn

Bhí tromlach mór ag TÁ.

Bhí líon na vótálaithe iontach ard i dTuaisceart Éireann (81.1%).

Vótáil 71.1% de vótálaithe i dTuaisceart Éireann TÁ, agus vótáil 94.4% de vótálaithe i bPoblacht na hÉireann TÁ chomh maith.

Cad é a tharla ansin?

Bhí toghchán ann ar 25 Meitheamh 1998 do thionól nua 108 comhalta, a shuífeadh i bhfoirgnimh na Parlaiminte in Stormont. Thoghfadh an tionól seo Feidhmeannas nua comhroinnte cumhachta.

Ní bheadh cead ag páirtí ar bith smacht a bheith acu ar an tionól. Dhéanfaí cinntí bunaithe ar phrionsabal an tromlaigh ualaithe agus bheadh comhaontú tromlach na n-aontachtaithe agus tromlach na náisiúnaithe riachtanach. **Ba é seo a leanas leagan amach an chéad tionóil:**

UUP	28
SDLP	24
DUP	20
SF	18
Páirtí	6
UKUP	5
Aontachtaithe neamhspleácha	3
PUP	2
Comhghuaillíocht	2

Agus 58 suíochán ag Aontachtaithe, rinneadh CéadAire de David Trimble agus Seamus Mallon ón SDLP ina Leas-PhriomhAire.

Tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta i bhfeidhm i Mí na Nollag 1998 nuair a ghlac polaiteoirí Thuaisceart Éireann a gcuid suíochán in Stormont.

Bheadh an iomad easaontas rompu go fóill, mar sin féin.

Tasc

I ngrúpaí, clár raidió 10 nóiméad a phleanáil faoi thoradh reifreann 1998 i dTuaisceart Éireann díreach i ndiaidh an toradh a bheith fógartha.

Ba chóir do do chraoladh iad seo a leanas a chuimsiú:

- líon na ndaoine a vótáil sa reifreann – Thuaidh agus Theas
- na torthaí
- freagairtí ar na torthaí (uathu sin atá ar son an chomhaontaithe agus uathu sin atá ina éadan)
- cad é an chéad rud eile a tharlóidh i dTuaisceart Éireann (m.sh. toghchán nua don tionól, caidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag Tuaisceart Éireann amach anseo le Poblacht na hÉireann agus leis an Bhreatain)

Roinnfidh do mhúinteoir an rang ina ghrúpaí don tasc seo.

Socraígí i do ghrúpaí cá mhéad ama a thabharfaidh sibh do gach ábhar.

Scríobh script do gach ábhar – agus coinnigh cuimhne gur dócha nach dtabharfaidh tú an fad céanna ama do gach roinn.

Thiocfadh leat do script a thaifeadadh ag baint úsáid as bogearraí cuí TFC agus í a sheinm don chuid eile den rang.

**Mar chuid de do thaighde don ghníomhaíocht seo, thiocfadh leat taighde a dhéanamh ar chlúdach na nuachtán sna laethanta i ndiaidh thoradh an reifrinn i Mí na Bealtaine 1998.*

Tasc: Cleachtadh ar cheisteanna scrúdaithe

bunaithe ar fhoinsí

Freagairtí ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1998

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:

Foinse A: Ceannaire an DUP, Ian Paisley, ag scríobh sa *The Revivalist* (irisleabhar na hEaglaise Saor-Phreispitéirí), Eanáir 1998

"Beidh an bhliain seo ina bliain ghéarchéime dár gcúige. Tá sé ar intinn ag rialtas na Breataine, i gcomhar le Baile Átha Cliath, le Washington, leis an Vatacáin agus le hÓglaigh na hÉireann (*IRA*) an cúige a scriosadh. Níl sa próiseas cainteanna, mar dhea, ach cur i gcéill. Ar a chúl sin, tá an bealach réitithe agus an clár réidh leis an chúige a threascairt mar sciath chosanta dheireanach an Phrotastúnachais san Eoraip."

©The Guardian https://www.theguardian.com/politics/2010/mar/02/ian-paisley-in-quotes

Foinse B: Ceannaire an SDLP, John Hume, 10 Nollaig 1998, Óráid Ghlactha Dhuais Nobel

"Cruthaíonn ár gComhaontú, a fuair tacaíocht thar na bearta ó na daoine, institiúidí a bhfuil meas acu ar an éagsúlacht ach a chinntíonn go n-oibrímid le chéile lenár gcomhleas. Beidh institiúidí fosta idir an dá chuid d'Éirinn agus idir an Bhreatain agus Éire a mbeidh meas acu fosta ar an éagsúlacht agus a oibreoidh i gcomhthuiscint le chéile."

©Nobel Media AB2017

1. **Ag baint úsáid as Foinse A agus as d'eolas comhthéacsúil**, tabhair fáth amháin a míníonn cad chuige ar easaontaigh Ian Paisley leis an phróiseas cainteanna i dTuaisceart Éireann. (2 mharc)

_____

_____

_____

_____

2. **Ag baint úsáid as Foinse B agus as d'eolas chomhthéacsúil féin**, tabhair **dhá** fháth a míníonn cad chuige a raibh John Hume i bhfách le Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. (4 mharc)

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____

3. Déan staidéar ar Fhoinse A. Cad é chomh húsáideach agus atá **Foinse A** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí ó Thuaisceart Éireann ar an phróiseas cainteanna i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Comhaontú Aoine an Chéasta 1998? (5 mharc)

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinse A agus as d'eolas comhthéacsúil.**

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

4. Déan staidéar ar Fhoinse B. **Cad é chomh hiontaofa** agus atá **Foinse B** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí Thuaisceart Éireann ar Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998? (6 mharc)

   Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinse B agus as d'eolas comhthéacsúil.**

Ceist Shamplach – Treoir do Mhúinteoirí

Tabhair faoi deara, le do thoil. Tá freagairtí samplacha thíos agus beidh daltaí, ar bhonn aonair, ábalta freagairtí atá níos forbartha/níos lú forbartha a sholáthar, ag brath ar leibhéil chumais agus ar bhainistiú ama. Ní gá d'iarrthóir na pointí UILIG thíos a chuimsiú le freagairt den chéad ghrád a bhaint amach. Ba chóir sin a chur san áireamh nuair atá na freagairtí samplacha seo á n-úsáid.

Ní héigean do dhaltaí úsáid a bhaint as an fhoinse ACH le ceisteanna a bhaineann le húsáideacht nó le hiontaofacht na foinse a fhreagairt. Ní héigean dóibh fianaise bhreise ná cúinsí taobh amuigh den fhoinse a thabhairt isteach. Iarrann an ceist "eolas comhthéacsúil." Ciallaíonn sin go díreach an t-eolas atá ag iarrthóir féin ar an eolas san fhoinse.

Ceist 3

Déan staidéar ar Fhoinse A. Cad é chomh **húsáideach** agus atá **Foinse A** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí ó Thuaisceart Éireann ar an phróiseas cainteanna i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Comhaontú Aoine an Chéasta 1998? (5 mharc)

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinse A agus as d'eolas comhthéacsúil.**

Sprioc CM3: Anailís agus meastóireacht ar úsáideacht na foinse le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Ba chóir don fhreagairt cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:

Tá an fhoinse úsáideach cionn is:

Údar – Ba é Ian Paisley ceannaire an DUP sa bhliain 1998 agus ba phriomhurlabhraí ar son an aontachtais é. Ba fheisire tofa é agus rinne sé ionadaíocht ar son na ndaoine a vótáil dó agus dá pháirtí.

Dáta – Úsáideach cionn is gur óráid ag tús 1998 é, nuair a bhí cainteanna ag dul ar aghaidh ar fad. Bhí paraimíleataigh dhílseacha fosta ag bagairt tarraingt amach as próiseas na síochána i dtrátha an ama seo.

Ábhar – Cuireann sé in iúl dúinn tuairimí ceannaire mór le rá, aontachtaigh ar an phróiseas cainteanna in am ríthábhachtach. Labhraíonn Paisley ar 'géarchéim' a bheith os coinne Thuaisceart Éireann. Mothaíonn sé go bhfuil comhcheilg leanúnach in éadan an Phrotastúnachais i dTuaisceart Éireann ar siúl ag rialtas na Breataine i gcomhar le hÓglaigh na hÉireann, leis an Vatacáin agus le Washington. Is léir nach bhfuil muinín aige as an phróiseas agus mothaíonn sé go bhfuil daoine eile ag iarraidh Tuaisceart Éireann a scriosadh.

Vótáil páirtí Paisley, an DUP, 'NÍl' sa reifreann ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Luann sé na fáthanna go han-soiléir anseo.

Teorainneacha – Ní raibh Paisley ach ina ionadaí do chuid amháin den aontachtas, más chuid suntasach féin í. Bhí aontachtaithe áirithe, amhail David Trimble, ceannaire UUP, sásta glacadh leis an phróiseas cainteanna agus bhí siad i bhfách le Comhaontú Aoine an Chéasta. Thacaigh cuid mhór aontachtaithe eile leis an chomhaontú agus an PUP agus an Páirtí Aontaithe Daonlathach (*UDP*) san áireamh. Thacaigh páirtithe eile i dTuaisceart Éireann le Comhaontú Aoine an Chéasta – amhail SDLP John Hume, Páirtí an Chomhaontais, Comhghuaillíocht na mBan agus Sinn Féin. Níor thug Paisley, mar sin de, ach dearcadh amháin de thuairimí polaiteoirí i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1998.

Ceist 4

Déan staidéar ar Fhoinse B. **Cad é chomh hiontaofa** agus atá **Foinse B** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí Thuaisceart Éireann ar Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998? (6 mharc)

Mínigh do fhreagra, ag baint úsáid as **Foinse B agus as d'eolas comhthéacsúil.**

Sprioc CM3: Anailís agus meastóireacht ar iontaofacht na foinse le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Ba chóir don fhreagairt cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:

D'fhéadfadh an fhoinse a bheith iontaofa cionn is:

Údar – Ba fheisire tofa John Hume. Is náisiúnaí é agus ba cheannaire an pháirtí náisiúnaigh ba mhó é sa bhliain 1998, le linn Chomhaontú Aoine an Chéasta, an reifrinn agus bunú Thionól Tuaisceart Éireann. Déanann Hume ionadaíocht do thuairimí na ndaoine a vótáil ar a shon agus a thacaigh lena pháirtí. Is ionann sin agus a rá gur foinse iontach iontaofa eolais é, nó bheimis ag súil go mbeadh an tuairim sin acu siúd a vótáil dó agus ag daoine eile ina pháirtí.

Dáta – Is óráid í a rinneadh nuair a bhí Hume ag fáil Duais Nobel na Síochána i Mí na Nollag 1998, a comhbhronnadh air féin agus ar David Trimble as socrú a bhaint amach i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1998. Is príomhfhoinse chomhaimseartha í agus bhí léargas díreach aige ar na himeachtaí seo agus eolas ó bhunfhoinse aige ar an dearcadh a bhí ag cuid mhór dá lucht tacaíochta san am i dtaca le Comhaontú Aoine an Chéasta de.

Ábhar – Díríonn an óráid seo ar na rudaí dearfacha uilig a chreideann Hume a ghnóthaigh an Comhaontú do Thuaisceart Éireann. Cuireann sé béim air go bhfuair an Comhaontú 'tacaíocht thar na bearta' ó mhuintir Thuaisceart Éireann. Deir Hume go bhfuil meas sa Chomhaontú ar 'an éagsúlacht' agus ar 'an leas comhchoiteann.' Tá sé ag dúil le Tuaisceart Éireann oibriú go maith le Poblacht na hÉireann agus leis an Bhreatain sna blianta romhainn. Tá sé le haithint air go bhfuil dóchas mór aige as an todhchaí.

Teorainneacha – D'fhéadfadh amhras a bheith ann faoi iontaofacht, nó rinneadh an óráid seo nuair a bhí Hume ag fáil Duais Nobel na Síochána. Ní thiocfadh le Hume díriú ach ar ghnéithe dearfacha Chomhaontú Aoine an Chéasta ar an ócáid seo. Ní luann sé, mar sin de, gurb iomaí constaic a bhí i mbealach na síochána i dTuaisceart Éireann go fóill – mar shampla, doicheall aontachtaithe áirithe roimh an Chomhaontú (m.sh. an DUP) agus argóintí faoi shaincheisteanna mar dhíchoimisiúnú arm. Is féidir le hiontaofacht na foinse a bheith in amhras fosta nó ní thugann sí ach an dearcadh náisiúnach.